Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# TUAIRISC ar an m**Bearna Phá idir na hInscní**

# 2022



# Clár Ábhar


1. **Réamhrá**

2. **Maidir linn**
    - **Rialtas áitiúil in Éirinn**
    - **Comhairle Contae Chorcaí**

3. **Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní**
    - **Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022**
    - **Cé a chuirtear san áireamh?**
    - **Céard atá i gceist againn le Bearna Phá idir na hInscní?**
    - **Bearnaí meáin agus airmheánacha Pá idir na hInscní**
    - **Ceathairíleanna**
    - **Bónas agus Sochar Comhchineáil**
    - **Fachtóirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an mBearna Phá idir na hInscní**

4. **Ár bhFigiúirí**
    - **Gach fostaí**
    - **Fostaithe páirtaimseartha**
    - **Fostaithe sealadacha**

5. **Íocaíochtaí eile**
    - **Sochar comhchineáil**
    - **Íocaíochtaí bónais**

6. **An chaoi a dtacaímid le cothromas inscne**

# 1. Réamhrá

Tá ríméad orm an chéad tuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní de chuid Chomhairle Contae Chorcaí a chur i láthair. Is ceist thábhachtach í an difríocht pá idir na hinscní, ní hamháin dúinn féin mar láthair oibre ach don chontae ar fad.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chomhairle Contae Chorcaí, a tháinig i bhfeidhm ar an 6 Meitheamh 2022, ár bhfís don chontae as seo go 2028. Léirítear sa Phlean fís uaillmhianach, ach tomhaiste, do thodhchaí Chontae Chorcaí, ag cur san áireamh fás daonra de 59,000 go 2028. Is é an fhís atá againn ná forbairt Chontae Chorcaí mar áit tharraingteach, iomaíoch agus inbhuanaithe le cónaí inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh, áit a mbeidh ardchaighdeán ag baint lena geilleagar, lena timpeallacht nádúrtha agus thógtha, lena cultúr agus le neart agus le hinmharthanacht a cuid pobal tuaithe agus uirbeach. Is daoine atá i gcroílár ár n-eagraíochta agus déanaimid ár ndícheall cultúr ionchuimsitheach a chur chun cinn chun seirbhísí den chéad scoth a sheachadadh ar na 359,000 duine atá ag cur fúthu i gContae Chorcaí.

Le linn na mblianta, bhí ról lárnach i gcónaí ag mná chun seasmhacht, dul chun cinn agus forbairt fhadtréimhseach Chontae Chorcaí a chinntiú. Tá caidreamh siombóiseach idir Comhairle Contae Chorcaí agus réimse éagsúil ban trasna an chontae. Tá rannpháirtíocht ghníomhach agus rialta le baill foirne, le fiontraithe, le húinéirí GFBM, le gairmithe agus le ceannairí in eagraíochtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta, eagraíochtaí neamhbhrabacha, carthanais, sna healaíona agus san earnáil phoiblí, ar mná iad, ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfís a leagtar amach inár bplean. Bhí beirt Mhéaraí bhaineanna ag Comhairle Contae Chorcaí le deireanaí. Faoi láthair tá seacht mball tofa déag sa Chomhairle ar mná iad, is é sin 31% de na baill tofa, agus tá cácas na mban bunaithe aici chun rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht a chur chun cinn agus tacú leis, ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Tar éis an easpa ionadaíochta ar ghrúpaí ban agus mionlaigh i struchtúir áitiúla cinnteoireachta a thabhairt faoi deara, sheol an Chomhairle feachtas ar líne chun ceiliúradh a dhéanamh ar ról na mball tofa. Tá 275,733 duine sroichte ag an bhfeachtas seo go dáta, feachtas inar cuireadh béim ar thábhacht agus ar thionchar na cothroime i gcúrsaí ionadaíochta, mar iarracht rannpháirtíocht a spreagadh i ngach réimse den tsochaí.

Cé gur fir is mó a bhíonn ag obair le seachadadh seirbhísí allamuigh agus leis an tseirbhís dóiteáin (89%), go stairiúil níor chuir ach líon teoranta ban isteach ar na róil seo. Má fhágtar na catagóirí foirne thuas ar lár, is mná atá i gceist le céatadán beagáinín níos airde (56%) de na baill foirne eile. Tá ionadaíocht mhaith bhaineann ag an leibhéal cinnteoireachta sinsearaí san eagraíocht. Is mná iad ochtar de na sé dhuine dhéag atá ar an bhfoireann ardbhainistíochta agus beirt den triúr Príomhfheidhmeannach Cúnta.

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí, mar fhostóir comhdheiseanna, luach ar ról na mban sa láthair oibre. Tá roinnt polasaithe agus scéimeanna ar fáil chun tacú le foireann na Comhairle, mar shampla an bhliain ghiorraithe oibre, saoire thuismitheoireachta, saoire cúramóirí, sos gairme, force majeure, srl. Tugadh isteach an Obair Chumaisc in 2022 chomh maith, rud a thacaíonn tuilleadh le baill bhaineanna agus fhireanna foirne araon cothromaíocht saoil-oibre a bhaint amach. Cuireann Comhairle Contae Chorcaí na deiseanna céanna aitheantais agus dul chun cinn gairme ar fáil dá cuid fostaithe ar fad agus tugann sí an deis chéanna do gach saoránach, beag beann ar a (h)inscne, sa phróiseas earcaíochta. Déanaimid ár ndícheall caitheamh le gach duine ar bhealach cothrom agus comhionann. Leanfaimid orainn ag cur deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil dár bhfoireann ar fad, lena gcumasú chun barr a n-acmhainne a bhaint amach. Tógfaimid ar na tionscnaimh atá forbartha againn cheana féin a dhíríonn ar thacú le héagsúlacht agus ionchuimsiú agus ar shárú bac ar an gcothroime.

Coinneoimid súil ar na treochtaí inár gcuid figiúirí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní agus oibreoimid lenár gcomhghleacaithe san earnáil ar fad chun tionscnaimh dea-chleachtais a roinnt agus a fhorbairt chun cúrsaí cothroime sa láthair oibre a chur chun cinn tuilleadh.

TIM LUCEY

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

# 2. Maidir linn

## Rialtas áitiúil in Éirinn

Tá 31 údarás áitiúil agus 3 thionól réigiúnacha in Éirinn. Is é an t-údarás áitiúil an cineál rialtais is gaire do shaoránaigh agus is éasca dóibh teacht air. Tá an t-údarás áitiúil freagrach as seachadadh réimse leathan seirbhísí ina cheantar áitiúil, le béim ar chathracha, ar bhailte agus ar cheantair tuaithe a chothú mar áiteanna tarrainteacha le cónaí, le hoibriú agus le hinfheistiú iontu.

Cuireann seirbhísí na n-údarás áitiúil go mór le forbairt fhisiciúil, chultúrtha, shóisialta agus timpeallachta an phobail agus áirítear leo tithíocht, pleanáil, bonneagar, cosaint timpeallachta agus soláthar áiseanna agus caitheamh aimsire agus infreastruchtúr pobail.

Bíonn ról lárnach ag na húdaráis áitiúla san ionchuimsiú sóisialta agus sa chaighdeán maireachtála a chur chun cinn agus i dtacú le forbairt gheilleagrach agus fiontraíochta ag an leibhéal áitiúil. Tá ról ceannaireachta ag na húdaráis áitiúla i bhfís straitéiseach a mhúnlú don chontae nó don chathair. Oibríonn siad i gcomhar le forais eile stáit, phoiblí agus phríobháideacha i seachadadh seirbhísí riachtanacha bonneagair agus roinnte.

Déanann údaráis áitiúla na céadta seirbhís a sheachadadh agus polasaithe a chur i bhfeidhm thar réimsí éagsúla lena n-áirítear:

| | | |
|---|---|---|
| Na hEalaíona agus an Cultúr | Gníomhú ar son na hAeráide | Seirbhísí Pobail |
| Forbairt Gheilleagrach | Timpeallacht | Tithíocht |
| Leabharlanna | Páirceanna agus Spásanna Oscailte | Pleanáil |
| Bóithre agus Iompar | Turasóireacht | |

Bíonn réimse leathan cúlraí agus éagsúlacht scileanna, cáilíochtaí agus taithí i gceist le fostaithe údarás áitiúil. I measc na ról san earnáil tá:

| | | |
|---|---|---|
| Cuntasóirí | Riarthóirí | Printíseachtaí |


| | | |
|---|---|---|
| Seandálaithe | Ailtirí | Cartlannaithe |
| Oifigigh Caomhantais | Innealtóirí | Seirbhísí Dóiteáin |
| Seirbhísí Ginearálta agus Ceardaithe | Céimithe | Sláinte agus Sábháilteacht |
| Teicneolaíocht Faisnéise | Seirbhísí Leabharlainne | Pleanálaithe |
| Róil Ardbhainistíochta | Dlí | Teicneoirí |


Agus iad ag obair do Chomhairle Contae Chorcaí, faigheann ár gcuid fostaithe taithí ag obair i gcroílár an rialtais áitiúil agus an deis difríocht shuntasach a dhéanamh do Chontae Chorcaí.


## Comhairle Contae Chorcaí

Is údarás áitiúil forásach, dinimiciúil é Comhairle Contae Chorcaí, atá lonnaithe i ndeisceart na tíre agus atá tiomanta do chur le híomhá an chontae mar áit tharraingteach le hoibriú, le cónaí agus le hinfheistiú inti. Glacann an Chomhairle ról ceannaireachta agus fís straitéiseach an chontae á múnlú. Trí cheannaireacht láidir dhaonlathach, cuirimid forbairt pobal bríomhar rathúil, rannpháirtíocht le gnólachtaí agus soláthar seirbhísí agus bonneagair ardchaighdeáin chun cinn. Áirítear ar ár gcroíluachanna rannpháirtíocht, fócas ar shaoránaigh, meas, barr feabhais le daoine, ardchaighdeán, fás eacnamaíoch agus freagracht.

Oibríonn ár bhfórsa saothair de bhreis agus 2,500 fostaí in údarás áitiúil atá forásach agus dinimiciúil agus is í an fhoireann fostaithe sin an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil againn.



# 3. Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

## Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022

Faoin Acht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021, caithfidh eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 duine fostaithe acu tuairisciú ar na mBearna Phá idir na hInscní ina n-eagraíocht. Is i mbliana (2022) den chéad uair a chaithfidh eagraíochtaí tuairisciú ar a mBearna Phá idir na hInscní. Iarrtar ar eagraíochtaí dáta 'roghbhlúire' a roghnú i mí Meithimh. Is ionann an tréimhse thuairiscithe agus an tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta roghbhlúire, an dáta roghbhlúire san áireamh, agus do na húdaráis áitiúla is 30 Meitheamh 2022 an dáta sin. Tugadh sé mhí d'eagraíochtaí a gcuid ríomhanna a ullmhú, agus rinneadh an tuairisc sé mhí ina dhiaidh sin, le linn mhí na Nollag 2022. Caithfear an fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an fhostóra nó ar bhealach éigin eile a bhfuil fáil ag a gcuid fostaithe ar fad agus ag an bpobal air.

## Cé a chuirtear san áireamh?

Gach duine atá fostaithe ag an bhfostóir ar an dáta roghbhlúire, lena n-áirítear fostaithe nach bhfuil ar an uainchlár le hoibriú ar an lá sin agus fostaithe atá ar saoire. Caithfear chomh maith na meánfhigiúirí agus na figiúirí airmheánacha ar leith a thuairisciú d'fhostaithe páirtaimseartha agus d'fhostaithe sealadacha.
(Ní áirítear Comhairleoirí Tofa mar fhostaithe chun críocha na tuarascála seo.)

## Céard atá i gceist againn le bearna phá idir na hinscní?

Ciallaíonn an Bhearna Phá idir na hInscní go ríomhtar an difríocht chéatadánach idir meánthuilleamh na bhfear agus meánthuilleamh na mban, beag beann ar a róil.

Ní hionann an Bhearna Phá idir na hInscní agus pá comhionann. Tá forálacha sa reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta do phá chomhionann ar obair chomhchosúil. Faigheann gach fostaí, idir fhireann agus bhaineann, san earnáil rialtais áitiúil pá comhionann d'obair atá mar an gcéanna nó comhchosúil nó a bhfuil an luach céanna léi, mar sin ní bhreathnaítear ar phá comhionann sa tuairisc seo. Aontaítear rátaí pá san earnáil trí chomhaontuithe náisiúnta pá a phléitear go rialta idir fostóirí agus ionadaithe foirne. Íoctar an chuid is mó d'fhostaithe de réir scála incrimintigh tuarastail agus is féidir breathnú ar réimsí na dtuarastal do róil éagsúla ar an suíomh gréasáin do phoist sa rialtas áitiúil ag https://localgovernmentjobs.ie/ga-ie/.

## Bearnaí Meáin agus Airmheánacha Pá idir na hInscní

Ciallaíonn an Bhearna Phá idir na hInscní go ríomhtar an difríocht chéatadánach idir meánthuilleamh na bhfear agus meánthuilleamh na mban, beag beann ar a róil, ag úsáid na dtomhas seo a leanas:

| MEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ |
|---|
| Léiríonn sé seo an difríocht chéatadánach idir<br><br>an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir<br>agus<br>an meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná<br><br>(meánráta in aghaidh na huaire d'fhir) – (meánráta in aghaidh na huaire do mhná) x 100 meánráta in aghaidh na huaire d'fhir |
| **BEARNA AIRMEÁNACH PHÁ IDIR NA HINSCNÍ** |
| Léiríonn sé seo an difríocht chéatadánach idir<br><br>an ráta airmheánach pá in aghaidh na huaire d'fhir<br>agus<br>an ráta airmheánach pá in aghaidh na huaire do mhná<br><br>(ráta airmheánach in aghaidh na huaire d'fhir) – (ráta airmheánach in aghaidh na huaire do mhná) x 100<br>ráta airmheánach in aghaidh na huaire d'fhir |

Déantar an **meán** a ríomh mar an difríocht idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus an meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná (ráta uaire na bhfear lúide ráta uaire na mban), léirithe mar chéatadán den mheánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir. Más figiúr diúltach atá ann, tá an meánráta pá in aghaidh na huaire níos airde do mhná ná d'fhir ar an dáta roghbhlúire. Más figiúr dearfach atá ann, tá an meánráta pá in aghaidh na huaire níos airde d'fhir ná do mhná ar an dáta roghbhlúire.

Is ionann an t-**airmheán** agus an figiúr atá i lár an raoin nuair a liostáiltear tuarastal gach fostaí ábhartha, ón turastal is ísle go dtí an turastal is airde. Is féidir léiriú níos cruinne ar na difríochtaí 'tipiciúla' sa phá leis an airmheán.

Is fiú breathnú ar na meánfhigiúirí agus ar na figiúirí airmheánacha araon, mar go bhfuil tuiscintí faoi leith le fáil astu ar na fachtóirí a imríonn tionchar ar an mbearna phá idir na hinscní.

Mar shampla, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag líon beag fostaithe ar thuarastal ard ar an meánfhigiúr agus, sa chás seo, d'fhéadfadh léargas níos cruinniú ar an difríocht idir an tuarastal a íoctar le fear agus le bean a bheith le fáil ón bhfigiúr airmheánach.

Má tá difríocht shuntasach idir an mheánbhearna phá agus an bhearna airmheánach phá san eagraíocht, d'fhéadfadh sé go bhfuil tionchar á imirt ar na sonraí ag daoine ar ioncam íseal (a fhágann an meán níos ísle ná an t-airmheán) nó ag grúpa ardioncaim (a fhágann an meán níos airde ná an t-airmheán).

Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin go n-úsáideann an tuarascáil seo sonraí ó dháta roghbhlúire i mí an Mheithimh. Is féidir le bearnaí pá idir na hinscní athrú ó mhí go mí agus i mbandaí ceathríle pá, ag brath ar athruithe a líon fostaithe. Mar sin féin, faightear tuairim mhaith ó na figiúirí barrlíne ar na difríochtaí sa mheán-ioncam idir fir agus mná.

## Bandaí Ceathairíle Pá

Cuidíonn sé le cúrsaí pá ar léibhéil éagsúla san eagraíocht a iniúchadh má roinntear fostaithe i gceithre ghrúpa chothroma (a bheag nó a mhór), nó ceathairíleanna, lena gcuid pá grádaithe ón bpá is ísle go dtí an pá is airde.

Caithfidh eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar an gcéatadán d'fhostaithe atá sna bandaí ceathairíle pá uaire éagsúla: íseal, lár íseal, lár uachtarach agus uachtarach.

Chun na fostaithe a rangú sna Bandaí Ceathairíle Pá seo, liostáltar fostaithe uile na heagraíochta ón bpá is ísle go dtí an pá is airde, bunaithe ar rátaí in aghaidh na huaire. Roinntear na fostaithe ansin ina gceithre ghrúpa chothroma, nó Ceathairíleanna, bunaithe air sin: íseal, lár íseal, lár uachtarach agus uachtarach. Ansin, léiríonn an fostóir céatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i ngach ceathairíl m.sh. céatadán na bhfostaithe fireanna sa cheathairíl íseal agus céatadán na bhfostaithe baineanna sa cheathairíl íseal (agus mar sin de).

## Bónas agus Sochar Comhchineáil

Caithfear figiúirí a chur ar fáil chomh maith d'íocaíochtaí bónais nó d'íocaíochtaí sochair chomhchineáil más ann dóibh. Ní bhaineann íocaíochtaí bónais leis an earnáil rialtais áitiúil. Is féidir go dtiocfadh Sochar Comhchineáil i gceist i gcásanna áirithe, m.sh. nuair a íocann an fostóir táillí gairmiúla áirithe.

## Fachtóirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an mBearna Phá idir na hInscní

Mar a luadh cheana, ní bhreathaítear ar phá comhionann sa tuarascáil seo. Faigheann gach fostaí, beag beann ar inscne, pá comhionann d'obair atá mar an gcéanna nó comhchosúil nó a bhfuil an luach céanna léi. Mar sin féin, is féidir go n-imreodh an t-iliomad fachtóirí casta tionchar ar na difríochtaí sa phá a íoctar le fostaithe, lena n-áirítear:

- Deighilt ghairme - tá catagóirí nó poist ann a dtéann níos mó ban ná fear isteach iontu go traidisiúnta, nó a mhalairt.
- Patrúin oibre - obair lánaimseartha agus pháirtaimseartha. D'fhéadfadh sé go lorgaíonn níos mó ban ná fear obair pháirtaimseartha nó sosanna gairme agus cé nach mbeadh aon tionchar aige seo ar a ráta pá in aghaidh na huairde, d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar na cinntí a dhéanann siad maidir le dul chun cinn gairmiúil.
- Fad seirbhíse - mar gheall ar arduithe incriminteacha pá, íoctar níos lú le daoine nua-fhostaithe ná le fostaithe atá ann níos faide.
- Am den bhliain - is féidir go ndéanfaí oibrithe sealadacha nó séasúracha a earcú do róil éagsúla a mbaineann ráta pá éagsúil leo.
- Miondealú inscne i róil shinsearacha le tuarastail níos airde - bíonn tionchar ag líon beag fostaithe ar phá níos airde ar na meánfhigiúirí.
- Miondealú inscne i róil a mbaineann pá níos ísle leo - bíonn tionchar ag líon mór fostaithe ar phá níos ísle ar na meánfhigiúirí.

Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna dhearfach phá idir na hinscní**, ní hé sin le rá go n-íoctar níos lú le mná ná le fir as an bpost céanna, ach léiríonn sé, ar an meán, go bhfuil níos mó post ardioncaim ag fir ná ag mná.


Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna dhiúltach phá idir na hinscní**, ní hé sin le rá go n-íoctar níos lú le fir ná le mná as an bpost céanna, ach tugann sé le fios, ar an meán, go bhfuil níos mó post ardioncaim ag mná ná ag fir.

Is é is mó atá an bhearna dhearfach nó dhiúltach phá, is é is suntasaí a bheidh na difríochtaí idir na rátaí pá in aghaidh na huaire agus idir an céatadán fear agus ban atá ag obair i róil ardioncaim nó ísealioncaim san eagraíocht.

# 4. Ár bhFigiúirí

## Bearnaí Meáin agus Airmheánacha Pá idir na hInscní agus Bandaí Ceathairíle Pá - Gach fostaí

| Bearna Phá idir na hInscní i gComhairle Contae Chorcaí 2022<br>Gach fostaí don tréimhse thuairiscithe go 30 Meitheamh 2022 | |
|---|---|
| **MEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ** | **BEARNA AIRMEÁNACH PHÁ IDIR NA HINSCNÍ** |
| **1.29%** | **-3.59%** |




***Nóta:*** Is é **65% / 35%** an miondealú inscne do gach fostaí ar an 30 Meitheamh 2022. Léirítear é seo leis an líne poncanna thuas.

Léiríonn an **Mheánbhearna Phá idir na hInscní** go n-íoctar 1.29% níos mó le fir ná le mná, ar an meán. Léiríonn an **Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní** go bhfuil an ráta airmheánach pá do mhná 3.59% níos airde ná an ráta airmheánach pá d’fhir.

Má bhreathnaítear ar an dáileadh fostaithe trasna na gceithre **Bhanda Ceathairíle Pá** is féidir cúrsaí pá ar leibhéil éagsúla san eagraíocht a scrúdú tuilleadh.

Léirítear sna Bandaí Ceathairíle Pá seo dáileadh na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir Banda Pá trasna na heagraíochta (liostálann an eagraíocht a cuid fostaithe ar fad ón bpá is ísle go dtí an pá is airde agus roinntear ansin iad ina gceithre Bhanda Pá nó ina gceithre Cheathairíl chothroma - íseal, lár íseal, lár uachtarach agus uachtarach. Ansin, léiríonn an fostóir céatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i ngach ceathairíl).

Léirítear thuas an miondealú do gach ceann de na 4 cheathairíl agus tagann sé sin, a bheag nó a mhór, le déimeagrafaic ár bhfórsa saothair: 65% fireann agus 35% baineann). Le nach mbeadh aon Bhearna Phá idir na hInscní, bheifeá ag súil go mbeadh *gach* ceathairíl ag teacht níos mó le déimeagrafaic an fhórsa saothair.

Tá coibhneas níos airde fear i mBanda 1, rud a thugann le fios go bhfuil níos mó fear, go coibhneasta, ag na gráid níos ísle. Tá coibhneas níos airde ban i mBanda 3, rud a thugann le fios go bhfuil níos mó ban, go coibhneasta, ag Gráid Láir Uachtaracha. Mar sin féin, is maith an rud an miondealú inscne de 64.45% / 35.55% sa bhanda níos airde agus léiríonn sé go dul chun cinn ó thaobh cothromaíochta insne i róil shinsearacha.

## Bearnaí Meáin agus Airmheánacha Pá idir na hInscní - Fostaithe páirtaimseartha

| Bearna Phá idir na hInscní i gComhairle Contae Chorcaí 2022<br>Fostaithe páirtaimseartha don tréimhse thuairiscithe go 30 Meitheamh 2022 | |
|---|---|
| MEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ | BEARNA AIRMEÁNACH PHÁ IDIR NA HINSCNÍ |
| -5.56% | -0.94% |

Bhí tuairim agus 26% dár bhfostaithe ar fad ar an 30 Meitheamh ag obair ar bhonn páirtaimseartha. Ina measc siúd, is fir atá i 54% acu agus mná sa 46% eile.

I measc na bhfachtóirí a imríonn tionchar ar phatrún na bhfostaithe páirtaimseartha san eagraíocht tá réimse roghanna solúbtha oibre d'obair pháirtaimseartha agus, cé go bhfuil na roghanna sin ar fáil do gach fostaí, is mó glacadh atá leo i measc na ról riaracháin agus cléireachais.

Fachtór eile is ea catagóirí poist ina bhfuil an obair pháirtaimseartha intuigthe mar chuid den ról, mar shampla an tseirbhís dóiteáin, an tseirbhís tréadliachta, an tseirbhís leabharlainne, maoir scoile agus feighlithe reilige.

## Bearnaí Meáin agus Airmheánacha Pá idir na hInscní - Fostaithe sealadacha

| Bearna Phá idir na hInscní i gComhairle Contae Chorcaí 2022<br>Fostaithe sealadacha don tréimhse thuairiscithe go 30 Meitheamh 2022 | |
|---|---|
| MEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ | BEARNA AIRMEÁNACH PHÁ IDIR NA HINSCNÍ |
| 25.26% | 13.93% |

Ar an 30 Meitheamh 2022, bhí 11% dár gcuid fostaithe ar chonarthaí sealadacha. Ina measc siúd, is fir atá sa tromlach le 69% i gcomparáid le 31% mná. Áirítear ar na conarthaí seo

fostaithe sealadacha/séasúracha mar shampla gardaí tarrthála, tiománaithe agus oibrithe ginearálta séasúracha, chomh maith le céimithe, cigirí tréadliachta, foireann mhórthionscnamh agus printíseachtaí. Léirítear sna figiúirí thuas an céatadán ard foirne Gairmiúla/Teicniúla atá fostaithe ar Chonarthaí Sealadacha ar fir iad.

# 5. Íocaíochtaí Eile

## Sochar comhchineáil

Ar an 30 Meitheamh 2022 ní bhfuair aon fhostaí íocaíocht Sochair Chomhchineáil.

## Íocaíocht bónais

Ní bhíonn íocaíochtaí bónais mar chuid den phá san earnáil rialtais áitiúil.

# 6. An chaoi a dtacaímid le Cothromas Inscne

Ag teacht leis an Acht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021, is í 2022 an chéad bhliain ina ndearna Comhairle Contae Chorcaí tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní, ach tá cúrsaí cothroime, éagsúlachta agus ionchuimsithe ina gcuid lárnach dár modhanna oibre i gcónaí.

## Cleachtais chothroma agus thrédhearcacha earcaíochta

- Mar fhostóir comhdheiseanna, oibrímid chun cultúr na cothroime a chur chun cinn agus táimid tiomanta do chomhionannas ceart deiseanna a bhaint amach trínár bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, atá oscailte do chách.
- Cuirimid cúnamh agus tacaíocht chuí ar fáil le linn ár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin, lena n-áirítear áiseanna agallaimh atá inrochtana go héasca, agallaimh atá feiliúnach ó thaobh ama de a aontú, agus trealamh cuí a chur ar fáil nó a eagrú.
- Bíonn cothromaíocht inscne ar ár mBoird Agallaimh ar fad agus faigheann gach Bord Agallaimh treoir shoiléir ar a dteastaíonn agus ar a bhfuiltear ag súil leis i gComhairle Contae Chorcaí ó thaobh cúrsaí cothromaíochta agus cothroime le linn an phróisis earcaíochta.
- Cuirimid oiliúint agus tacaíocht ar fáil, atá oscailte do gach fostaí, le cuidiú le fostaithe ullmhú d'iarratais agus d'agallaimh poist.
- Íoctar fostaithe ar scála incriminteach tuarastail, nuair is infheidhme, agus cuirimid deiseanna láidre dul chun cinn gairme ar fáil atá oscailte do gach fostaí.

## Cothromaíocht oibre is saoil

- Cuirimid réimse leathan oibre solúbtha agus saoire ar fáil do gach fostaí, lena n-áirítear saoire chúramóra, sosanna gairme, saoire íoctha mháithreachais agus uchtaithe, saoire íoctha atharachais, saoire thuismitheoireachta, scéimeanna bliana oibre giorraithe, post-roinnt.

## Obair chumaisc

- Tá an obair chumaisc anois mar chuid dár bpolasaithe oibre solúbtha le roghanna solúbtha chun obair oifige agus obair ón mbaile/ó mhol a mheascadh.
- Cuirimid rochtain ar fáil ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus ar an Scéim Coigilteora Cánach, chun costais taistil chun na hoibre a íoslaghdú.

## Foghlaim agus Forbairt

- Táimid tiomanta do dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil le gur féidir le gach fostaí barr a (h)acmhainne a bhaint amach. Spreagtar gach fostaí le tabhairt faoi dheiseanna oideachais tríd an Scéim Cúnaimh Oideachais, agus bíonn saoire staidéir agus scrúduithe ar fáil chomh maith.

## Sláinte agus Folláine

- Tá fíorthábhacht ag baint le sláinte agus folláine gach fostaí agus tá cothromaíocht fholláin oibre is saoil ríthábhachtach dúinn. Cuirimid cláir chuimsitheacha sláinte agus folláine ceirde d’fhostaithe ar fáil, lena n-áirítear Clár Cúnaimh d’Fhostaithe, tástáil sláinte, comhairle sláinte agus cothaithe agus seimineáir ghréasáin ar chúrsaí folláine, srl.

## Dínit san Ionad Oibre

- Cuirimid chun cinn agus tacaímid le cultúr na dínite, an mheasa agus an chomhionannais. Tá Polasaí um Dhínit san Ionad Oibre againn agus faigheann fostaithe agus bainisteoirí líne tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

- Táimid ár bhforbairt féin go leanúnach mar fhostóir tarraingteach chun foireann fostaithe inchuimsitheach agus ilchineálach a mhealladh, a fhorbairt agus a chur chun cinn.
- Leanaimid orainn ag dearadh agus ag cur ar fáil seirbhísí freagrúla agus cúram do chustaiméirí a fhreastalaíonn ar riachtanais ár mboinn ilchineálaigh chustaiméirí.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

- Bímid réamhghníomhach ag cur béime ar Dhualgas na hEarnála Poiblí inár bpróisis bhainistíochta, forbartha polasaí agus seachadta seirbhísí.
- Leagtar amach Dualgas na hEarnála Poiblí i Mír 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Éilítear i Mír 42 go gcaithfidh foras poiblí, agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh, a bheith airdeallach ar an ngá atá le leithcheal a chosc, comhionannas deiseanna agus caitheamh comhionann leis an bhfoireann agus leis na daoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chur chun cinn agus cearta daonna a chuid ball, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.
- Is gá d'fhorais phoiblí a leagan amach ina bplean straitéiseach, ar bhealach a bhfuil fáil ag an bpobal air, measúnú ar na ceisteanna um chearta an duine agus um chomhionannas a bhaineann lena gcuid fheidhmeanna agus lena gcuspóir, dar leo, agus na polasaithe, pleananna agus gníomhartha reatha nó beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Chomh maith leis sin, caithfidh forais phoiblí tuairisciú go bliantúil ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach óna thaobh sin ina dtuarascálacha bliantúla ar bhealach a bhfuil fáil ag an bpobal air.
- Aithnímid comóntacht an chuspóra a leagthar amach i riachtanais tuairiscithe Dhualgas na hEarnála Poiblí agus na Bearna Pá idir na hInscní araon agus cuireann agus tacaíonn foilsiú na tuairisce seo leis an gcur chuige trí chéim atá molta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, i. Measúnaigh, Tabhair Aghaidh Air, Tuairiscigh.

## Mná i Róil Cheannaireachta

- Tá coibheas inscne 50% Fireann agus 50% Baineann ar ár bhFoireann Ardbhainistíochta agus leanaimid orainn ag obair ar chláir cheannaireachta a fhorbairt do bhaill foirne bhaineanna.
- Tá oiliúint cheannaireachta á cur ar fáil faoi láthair do na bainisteoirí líne ar fad chun iad a chumasú lena gcuid scileanna ceannaireachta a fheabhsú agus le cuidiú leo ina róil reatha agus tacú lena ndul chun cinn san eagraíocht.
- Thacaigh Comhairle Contae Chorcaí le roinnt ban ar an bhfoireann páirt a ghlacadh leis an gclár Mná i mBun Ceannaireachta a reáchtáil Comhoibriú Éireann.

## Printíseachtaí

- Mar chuid dár gcur chuige ionchuimsitheach maidir le cúrsaí earcaíochta, cuireann Comhairle Contae Chorcaí roinnt clár printíseachta ar fáil agus glacann sí páirt i bPlean Gnímh do Phrintíseacht 2021 - 2025 de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis an líon printíseachtaí sa tSeirbhís Phoiblí. Áirítear anseo cláir nua phrintíseachta a bhaineann le réimsí oibre sna húdaráis áitiúla ar nós TFC, chomh maith le réimsí níos traidisiúnta printíseachta.

## Bailiú sonraí agus forbairt polasaithe fianaise-bhunaithe

- Fáiltímid roimh an deis seo tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní inár n-eagraíocht agus chomhoibrigh muid leis an earnáil chun cur chuige caighdeánach agus leanúnach tuairiscithe a chur ar fáil. Oibreoimid i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le comhghleacaithe in údaráis áitiúla eile chun ár gcuid foghlama agus dea-chleachtas a roinnt.


A bheith mar fhostóir tarraingteach
Cultúr na foghlama agus na forbartha leanúnaí a chruthú
Ár mbainisteoirí agus ár maoir a chumachtú agus a chumasú
Riachtanais fórsa saothair a phleanáil agus a sheachadadh
Caidrimh agus rannpháirtíocht dhearfach le fostaithe a chur chun cinn
Timpeallacht chothrom, thacúil agus fholláin oibre a chruthú
Ár Straitéis i leith Daoine